An Ghaeilge san Aontas Eorpach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin nGaeilge san Aontas Eorpach. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad teangacha oifigiúla na hÉireann? An féidir le Teachtaí Dála iad a úsáid i nDáil Éireann? Cad iad na seirbhísí atá ar fáil do theachtaí nach dtuigeann an Ghaeilge? An féidir le feisirí Eorpacha an Ghaeilge a úsáid in institiúidí an Aontais Eorpaigh?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. historic day _____
2. the Minister for European Affairs _____
3. the first member of government _____
4. Irish was included _____
5. interpreters _____
6. Council of Ministers _____
7. representative _____
8. beforehand _____
9. a shortage _____
10. trained _____
11. Parliament of Europe _____
12. member of parliament _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth gur lá stairiúil a bhí ann don Ghaeilge inniu?

2. Cé mhéad teanga oifigiúil agus oibre atá san Aontas Eorpach?

3. Cén uair a áiríodh an Ghaeilge mar cheann acu?

4. Cén dearcadh atá ag an Aire Noel Treacy i leith úsáid na Gaeilge san Aontas Eorpach?

5. An féidir leis na hairí an Ghaeilge a úsáid i gcruinnithe pé uair is mian leo? Cén fáth?

6. Cén uair a thiocfaidh feabhas ar na seirbhísí ateangaireachta?

7. Cén uair a baineadh úsáid as an nGaeilge i bParlaimint na hEorpa den chéad uair? Cérbh é an chéad duine a d'úsáid an teanga ansin?

Ceist 4 ‘*Áiríodh* an Ghaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre san Aontas Eorpach ar an gcéad lá de Eanáir 2007.’
‘*Baineadh* úsáid as an nGaeilge den chéad uair i bParlaimint na hEorpa seachtain ó shin.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. _____ go leor airgid do chumainn charthanacha roimh Nollaig. (bailigh)

2. _____ os cionn 300 duine i dtimpistí bóthair in Éirinn sa bhliain 2006. (maraigh)

3. Nuair a bhain an Ghaeilge stádas oifigiúil amach san Aontas Eorpach, _____ oiliúint ar fáil d’ateangairí. (cuir)

4. Cé gur _____ na mílte euro ar fheachtais phoiblíochta, bíonn daoine fós ag ól agus ag tiomáint. (caith)

5. _____ a lán ticéad don Chrannchur Náisiúnta Dé Sathairn seo caite. (ceannaigh)

Ceist 5 ‘Caithfidh *airí* fógra a thabhairt roimh ré má tá sé i gceist acu labhairt i nGaeilge.’
Baineadh úsáid as *ateangairí* Gaeilge den chéad uair ar maidin.’

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh le huimhir iolra na n-ainmfhocal? Tá an chéad dhá cheann déanta duit.

	uatha	*iolra*
1	aire	airí
2	ateangaire	ateangairí
3	ionadaí	
4	saineolaí	
5	teanga	
6	rialtas	
7	feachtas	
8	feisire	
9	comhalta	
10	cumann	
11	cruinniú	
12	seirbhís	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: An dóigh libh go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh stádas oifigiúil agus oibre ag an Ghaeilge san Aontas Eorpach? Deir roinnt daoine gur cur amú airgid atá sa mhéid atá á chaitheamh ar aistritheoirí agus ateangairí? An aontaíonn sibh leis an tuairim sin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. lá stairiúil
2. an tAire Gnóthaí Eorpacha
3. an chéad chomhalta den rialtas
4. áiríodh an Ghaeilge
5. ateangairí
6. Comhairle na nAirí
7. ionadaí
8. roimh ré
9. easpa
10. oilte
11. Parlaimint na hEorpa
12. feisire

Ceist 3

1. Lá stairiúil a bhí ann don Ghaeilge mar baineadh úsáid as ateangairí Gaeilge den chéad uair ag cruinniú Chomhairle na nAirí ar maidin. Ba é an tAire Gnóthaí Eorpacha, Noel Treacy an chéad aire riamh a labhair le Comhairle na nAirí trí Ghaeilge agus é ag freastal ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta agus Eachtracha inniu.

2. Tá 23 teanga oifigiúil agus oibre san Aontas Eorpach anois.

3. Áiríodh an Ghaeilge mar cheann acu ar an gcéad lá de Eanáir 2007.

4. Deir sé gur mór an onóir dó mar ionadaí ó Éirinn an seans seo a bheith aige an teanga a labhairt. Deir sé freisin gur ócáid an-stairiúil é go háirithe go n-aithníonn an tAontas Eorpach an tábhacht atá ag baint leis an nGaeilge.

5. Ní féidir go fóill. Faoi láthair caithfidh airí fógra a thabhairt roimhré má tá sé i gceist acu labhairt i nGaeilge mar gheall ar easpa ateangairí.

6. Tiocfaidh méadú ar líon na seirbhísí de réir mar a chuirtear breis ateangairí oilte ar fáil.

7. Baineadh úsáid as an nGaeilge don chéad uair i bParlaimint na hEorpa seachtain ó shin nuair ab é an feisire Eorpach, Brian Crowley, an chéad fheisire a labhair i nGaeilge sa bParlaimint.

Ceist 4

An briathar saor san aimsir chaite atá i gceist anseo.

1. baliíodh
2. maraíodh
3. cuireadh
4. caitheadh
5. ceannaíodh

Ceist 5

	uatha	*iolra*
1	aire	airí
2	ateangaire	ateangairí
3	ionadaí	ionadaithe
4	saineolaí	saineolaithe
5	teanga	teangacha
6	rialtas	rialtais
7	feachtas	feachtais
8	feisire	feisirí
9	comhalta	comhaltaí
10	cumann	cumainn
11	cruinniú	cruinnithe
12	seirbhís	seirbhísí

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Lá stairiúil a bhí ann inniu don Ghaeilge san Eoraip. Is é an tAire Gnóthaí Eorpacha, Noel Treacy, an chéad chomhalta riamh den rialtas a bhain úsáid as an nGaeilge ag cruinniú Chomhairle Airí an Aontas Eorpaigh nuair a labhair sé ag an gcruinniú sin inniu. Tá an scéal ag Irene Ní Nualláin.

Irene Ní Nualláin

Tá 23 teanga oifigiúil agus oibre san Aontas Eorpach anois. Áiríodh an Ghaeilge mar cheann acu ar an gcéad lá de Eanáir. Baineadh úsáid as ateangairí Gaeilge den chéad uair ag cruinniú Chomhairle na nAirí ar maidin. Ba é an tAire Gnóthaí Eorpacha, Noel Treacy an chéad aire riamh a labhair le Comhairle na nAirí trí Ghaeilge agus é ag freastal ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta agus Eachtracha inniu.

Noel Treacy

Is mór an onóir domsa mar ionadaí ó Éirinn an seans seo a bheith agam an teanga a labhairt agus is ócáid an-stairiúil é go háirithe go n-aithníonn an tAontas Eorpach[1] an tábhacht atá ag baint lenár dteanga[2] náisiúnta, an difríocht atá i ngach teanga ar fud na hEorpa.

Irene Ní Nualláin

Caithfidh airí fógra a thabhairt roimh ré má tá sé i gceist acu labhairt i nGaeilge mar gheall ar easpa ateangairí. Toisc nach bhfuil a ndóthain ateangairí oilte ar fáil, is ó Ghaeilge go Béarla amháin a dhéantar ateangaireacht faoi láthair. Ach tiocfaidh méadú ar líon na seirbhísí seo de réir mar a chuirtear breis ateangairí oilte ar fáil. Baineadh úsáid as an nGaeilge den chéad uair i bParlaimint na hEorpa seachtain ó shin nuair ab é an feisire Eorpach, Brian Crowley, an chéad fheisire a labhair i nGaeilge sa bParlaimint.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4

[1] *Aontas Eorpach* a deirtear sa mhír
[2] *leis ár dteanga* a deirtear sa mhír